



Folúntas: Oifigeach Pleanála Teanga

Tá post mar Oifigeach Pleanála Teanga á thairiscint ag Gno Mhaigh Eo.

Is é Gno Mhaigh Eo a bheidh freagrach as feidhmiú Plean Teanga Chaisleán an Bharraigh. Beidh an obair seo á dhéanamh i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile. Is plean teanga seacht mbliana atá i gceist. Is é príomhaidhm an phlean de réir pholasaí an Rialtais ná cur le húsáid na Gaeilge agus leis an líon deiseanna úsáide teanga na Gaeilge mar theanga pobail i gCaisleán an Bharraigh. Is ar an Oifigeach Pleanála Teanga a bheidh an cúram príomhghnéithe an phlean a chur i bhfeidhm. Mar phríomhbhaile chontae Mhaigh Eo, treiseoidh an plean stádas dátheangach an bhaile agus an chontae agus díreoidh sé aird an phobail ar an tábhacht a bhaineann le seirbhísí Gaeilge den uile chineál a bheith ar fáil.

Achoimre an Phoist

Beidh an duine a fhostófar ag obair le foireann Gno Mhaigh Eo agus le páirtithe leasmhara eile chun an plean teanga a chur i bhfeidhm. Is post ar chonradh trí bliana atá á thairiscint agus is féidir cur leis an tréimhse sin. Beidh an té a cheapfar fostaithe ag Gno Mhaigh Eo agus freagrach do Bhord Stiúrtha na heagraíochta maidir le clár oibre aontaithe a fheidhmiú. Beidh tuarastal an phoist ag brath ar thaithí.

Critéir Riachtanacha

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir scríofa agus labhartha;
- Tiomantas do chur chun cinn na Gaeilge;
- Ardscileanna idirphearsanta agus ardscileanna cumarsáide idir labhartha agus scríofa;
- Ábalta tosaíochtaí a leagan síos, spriocdhátaí a bhaint amach agus obair a dhéanamh faoi bhrú;
- Ardscileanna riaracháin agus eagrúcháin;
- Taithí ar phleanáil straitéiseach agus ar fhorbairt agus ar bhainistíocht tionscadal;
- Ardscileanna áisitheoireachta agus comhordaithe;
- Ardscileanna agus taithí maidir le hathbheithniú agus an measúnú agus tuairisciú cuí a dhéanamh ar thionscadail agus taighde a chur i gcrích agus in eagar agus a leithéid sin a chur i láthair ar bhealach atá furasta le fáil agus le tuiscint ag an mórpobal;

- Taithí shonrach ar bhainistíocht airgeadais agus buiséid, agus ar fhreagracht a ghlacadh as tuairiscithe airgeadais a ullmhú;
- Ardscileanna cumarsáide, margaíochta agus poiblíochta i gcomhthéacs na meán shóisialta agus na meán thraidisiúnta araon;
- Céim aitheanta sa Ghaeilge, nó a chomhionann de chéim ag leibhéal ollscoile;
- Taithí ar iarratais mhaoinithe a ullmhú agus a chur i gcrích;

Critéir inmhianaithe

- Iarchéim nó máistreacht aitheanta sa phleanáil teanga, nó a chomhionann d'ábhar mar a bhaineann le forbairt pobail nó teanga;
- Tuiscint agus taithí mhaith ag plé le hearnálacha éagsúla, leis an bpobal agus le coistí/ struchtúir pobail /ranna stáit.
- Taithí ar bhainistíocht foirne;
- Taithí ar thaighde ardchaighdeán a chur i gcrích agus a fhoilsiú;
- Ardscileanna ríomhaireachtaí, lena n-áirítear dearadh, graificí agus eagarthóireacht físe agus fuaime;
- Cáilíocht i réimse na bainistíochta, ceannaireachta nó gobharnóireachta;
- Taithí abhcóideachta agus stocaireachta ó thaobh cúrsaí teanga, acmhainní agus ceartais de;
- Saineolas ar aon cheann de na cleachtais shochtheangeolaíochta mar a bhaineann le forbairt polasaithe agus gníomhartha sna réimsí aitheanta seo a leanas: óige, teaghlaigh, oideachas, na healaíona, meáin chumarsáide, gnó, na luathbhlianta agus spórt.

Suíomh:

Tá oifig ag Gnó Mhaigh Eo ar an bpríomhshráid i gCaisleán an Bharraigh agus is féidir socruithe oibre eile a éascú ar a n-áirítear oibriú ón mbaile nó ó shuíomh eile. Beidh taisteal i gceist leis an bpost, mar sin ní mór d'iarratasóirí ceadúnas tiomána oiriúnach a bheith acu.

Seol litir chumhdaigh agus CV chuig niamh@gnomhaigheo.ie **roimh 5i.n., an Luan 20 Mí an Mhárta 2023.**

Is fostóir comhionannas deiseanna é Gnó Mhaigh Eo.

Tá an post seo maoinithe ag Foras na Gaeilge tríd An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.